An N22

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phleananna don bhóthar N22. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo thíos:

1. good news _____
2. repair work _____
3. proposed plan _____
4. bypass _____
5. public hearing _____
6. drafted _____
7. depending on _____
8. per pro / on behalf of _____
9. funding _____
10. surface _____

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a mbeidh áthas ar thiománaithe Ghaeltacht Mhúscraí?
2. Cén buntáiste a bheidh ag an seachbhóthar?
3. Cad a bhí le rá ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta?
4. Cén fáth a raibh díomá ar an ghrúpa gnímh?
5. Cén uair a mbeidh an obair ag tosú ar an bhóthar i mBaile Bhuirne?

Ceist 4. '*trí B**h**aile Bhuirne*'
Cén fáth a bhfuil séimhiú anseo?

(a) Féach ar na réamhfhocail shimplí anseo sa chiorcal agus roghnaigh na cinn **nach** gcuireann séimhiú ar an chonsan ina ndiaidh.



(b) Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis an fhoirm cheart den fhocal tar éis an réamhfhocail shimplí.

(1) Caithfidh an obair a bheith déanta roimh (deireadh) _____ an lae.
(2) Bhí mo chara as (baile) _____ inné nuair a thug mé cuairt uirthi.
(3) Chonaic mé go raibh an mála ag (Seán) _____ ar maidin.
(4) Bhí Síle ag obair mar (freastalaí) _____ sa bhialann sin an samhradh seo caite.

(5) Ba mhaith liom dul chuig (ceolchoirm) _____ ag an deireadh seachtaine.
(6) Tá sí ag dul ar laethanta saoire go (Páras) _____ i gceann seachtaine.
(7) Bain an leabhar de (Pól) _____ agus tabhair do (Siobhán) _____ é.
(8) Tá Ciarán ag siúl amach le (Ciara) _____ le blianta fada anuas.
(9) Bhain mé an scoil amach faoi (deireadh) _____ ar maidin.

(c) Pléigh cúis an tséimhithe sna samplaí seo leis an duine in aice leat:

'ar maidin, ar meisce, ar crith, ar ball'
Ach
'ar Mháire, ar bhord, ar chrann, ar bhalla'

Ceist 5 '*Baile Bhuirne'* agus *'Maigh Chromtha'*

(a) Cá bhfuil na háiteanna seo? Cén Béarla atá ar na logainmneacha seo? Mura bhfuil tú cinnte féach ar www.logainm.ie.
(b) Féach ar na logainmneacha coitianta seo – cén Ghaeilge atá orthu? An bhfuil a fhios agat cad is brí leo?

Cork, Dublin, Galway, Limerick, Belfast

(c) Cá bhfuil tú féin i do chónaí? Breac síos d'áit chónaithe i nGaeilge. Cad is brí leis an logainm sin?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An síleann tú go bhfuil na bóithre go maith in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile?
An iad na drochbhóithre is cúis leis na timpistí bóthair ar fad in Éirinn, dar leat? Cén fáth?
An bhfuil córas taistil maith againn sa tír, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1.	good news	*dea-scéala*
2.	repair work	*obair dheisiúcháin*
3.	proposed plan	*togra*
4.	bypass	*seachbhóthar*
5.	public hearing	*éisteacht phoiblí*
6.	drafted	*dréachtaithe*
7.	depending on	*ag brath ar*
8.	per pro / on behalf of	*thar ceann*
9.	funding	*ag maoiniú*
10.	surface	*dromchla*

Ceist 3

1. Tosófar ar obair dheisiúcháin an bhóthair taobh istigh de choicís.
2. Beidh tiománaithe in ann an trácht a sheachaint i Maigh Chromtha agus i mBaile Mhic Íre.
3. Deir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta nach mbeidh airgead acu chun tabhairt faoin togra go ceann bliana eile ar a laghad. Dhá chéad milliún euro a bheidh i gceist agus deir siad go mbeidh a lán ag brath ar phlean ceithre bliana an rialtais, ina mbeidh laghdú ag teacht ar mhaoiniú an Údaráis um Bóithre dar leo, gach bliain.
4. Deir siad go bhfuil an-díomá orthu mar nach bhfuil an tsráid oiriúnach don trácht agus go marófar tuilleadh daoine i dtimpistí dá bharr.
5. Chomh luath is atá an conradh faighte ón Chomhairle Contae.

Ceist 4

Réamhfhocal simplí
(a) Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail a thosaíonn le consan tar éis na réamhfhocal simplí seo: *de, trí, mar, roimh, ó, do* agus *faoi*. Ní chuirtear séimhiú ar chonsan tar éis na réamhfhocal simplí seo: *ag, as, chuig, go* agus *le*.
(b)

(1) Caithfidh an obair a bheith déanta roimh **dheireadh** an lae.
(2) Bhí mo chara as **baile** inné nuair a thug mé cuairt uirthi.
(3) Chonaic mé go raibh an mála ag **Seán** ar maidin.
(4) Bhí Síle ag obair mar **fhreastalaí** sa bhialann sin an samhradh seo caite.
(5) Ba mhaith liom dul chuig **ceolchoirm** ag an deireadh seachtaine.
(6) Tá sí ag dul ar laethanta saoire go **Páras** i gceann seachtaine.
(7) Bain an leabhar de **Phól** agus tabhair do **Shiobhán** é.
(8) Tá Ciarán ag siúl amach le **Ciara** le blianta fada anuas.
(9) Bhain mé an scoil amach faoi **dheireadh** ar maidin.

(c) *'ar maidin (this morning), ar meisce (drunk), ar crith (shaking), ar ball (in a while)'* – is aonaid ann féin iad seo, tá ciall amháin ag an dá fhocal le chéile.

Ach

'ar Mháire (on Máire), ar bhord (on a table), ar chrann (on a tree), ar bhalla (on a wall)'

Ceist 5
Cork – Corcaigh – Marsh land.
Dublin – Baile Átha Cliath – the fort of wattle.
Galway – Gaillimh – stony river, or from 'gall' meaning stranger.
Limerick – Luimneach - open ground.
Belfast – Béal Feirste – mouth of the sandbanks.

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Áine Lally

Bhí dea-scéala ann inniu do thiománaithe i nGaeltacht Mhúscraí a bhíonn ag taisteal ar an N22 trí Bhaile Bhuirne. Tosófar ar obair dheisiúcháin ar an mbóthar taobh istigh de choicís. Ach, tá moill curtha ar thogra mór eile ann N22 – seachbhóthar Mhaigh Chromtha.

Grett O'Connor

I mí an Mheithimh bhí éisteacht phoiblí ag an mBord Pleanála anseo i Maigh Chromtha, tá plean dréachtaithe do bhóthar nua fiche dó ciliméadar ar fhad a chuirfidh ar chumas an tráchta[i] baile Mhaigh Chromtha agus sráidbhaile Bhaile Mhic Íre a sheachaint. Bhí cinneadh le fógairt ag an mBord Pleanála Dé hAoine seo caite ach anois deir siad nach bhfógrófar é go dtí an naoú lá de mhí na Nollag, ar a thúisce. Fiú má cheadaíonn an Bord Pleanála an seachbhóthar, inniu dúirt an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta nach mbeidh airgead acu chun tabhairt faoin togra go ceann bliana eile ar a laghad. Dhá chéad milliún euro a bheidh i gceist agus deir siad go mbeidh a lán ag brath ar phlean ceithre bliana an rialtais, ina mbeidh laghdú ag teacht ar mhaoiniú an Údaráis um Bóithre dar leo, gach bliain. Dúirt urlabhraí thar ceann chiste gnímh an tseachbhóthair go mbeidh an-díomá orthu agus go marófar a thuilleadh daoine i dtimpistí i lár an bhaile, mar nach raibh an tsráid oiriúnach don trácht a ghabhann tríd gach lá.

Ach is gar go ndéanfar difríocht shuntasach[ii] don bhóthar i mBaile Bhuirne.

An Comhairleoir Aindrias Ó Muineacháin, Fianna Fáil.

Tá an Chomhairle Contae ar tí an conradh a thabhairt agus cúpla lá eile a deir siad linn inniu. Chomh luath is a bheidh an tairiscint tugtha[iii] beidh siad ábalta tosú láithreach agus tabhairt faoin obair sin. Ag tosú thart ar an mbaile, leagfaidh siad píopa uisce soir an bóthar agus ina dhiaidh sin ansin tiocfaidh siad agus leagfaidh siad bóthar nua.

Grett O'Connor

Beidh dromchla nua ar an mbóthar ón Muileann go hOifig an Phoist Bhaile Mhic Íre. Grett O'Connor, Nuacht TG4. Múscraí.

---

[i] *na tráchta* a deirtear
[ii] *difríocht suntasach* a deirtear
[iii] *tabhartha* a deirtear